

Cén bealach ina bhféadfaí tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar a suaimhneas go bhfeidhmeoidh an tsamhail nua le tacaíocht teagaisc don oideachas speisialta a leithdháileadh?

Rinne Cigireacht na Roinne Oideachais & Scileanna (ROS) athbhreithniú ar an samhail nua maidir le leithdháileadh i gcineálacha scoileanna éagsúla ina ndearnadh í a phiolótú agus fuarthas gur fhreastail sí ar riachtanais na leanaí. Bhí scoileanna in ann an creat *Leanúntas Tacaíochta* a úsáid chun na tacaíochtaí a chur ar fáil bunaithe ar an riachtanas.

Tá treoirlínte curtha ar fáil ag an ROS agus NCSE chun cuidiú le scoileanna leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a aithint agus tacú leo.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar:

[www.education.ie/ga/An-Córas-Oideachais/Oideachas-Speisialta/Treoirlínte-do-Bhunscoileanna-Ag-Tacu-le-Daltai-i-Scoileanna-Príomhshrutha-a-bhfuil-Riachtanais-Speisialta-Oideachais-acu.pdf](http://www.education.ie/ga/An-Córas-Oideachais/Oideachas-Speisialta/Treoirlínte-do-Bhunscoileanna-Ag-Tacu-le-Daltai-i-Scoileanna-Príomhshrutha-a-bhfuil-Riachtanais-Speisialta-Oideachais-acu.pdf)

Ar coimeádadh tacaíochtaí teagaisc don oideachas speisialta ag na leibhéil ag a raibh siad cheana féin?

Nuair a tugadh isteach an tsamhail nua i mí Mheán Fómhair 2017 níor chaill aon scoil tacaíochtaí teagaisc don oideachas speisialta, agus fuair os cionn 1,300 scoil leithdháileadh breise. Thug an ROS maoiniú do 900 post teagaisc breise chun soláthar a dhéanamh don mhéadú seo. Tá an tsamhail nua deartha le bheith mar bhealach níos fearr agus níos cothroime chun tacaíochtaí teagaisc breise a thabhairt do scoileanna chun cuidiú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Tá tuilleadh eolais do thuismitheoirí/caomhnóirí ar fáil in *Samhail Nua maidir le Leithdháileadh um Múinteoirí Oideachas Speisialta ar Scoileanna Príomhshrutha: Bealach níos fearr agus níos cothroime* (Insert link here).



An Roinn Oideachais  
agus Scileanna  
Department of  
Education and Skills



## Samhail Nua maidir le Leithdháileadh um Múinteoirí Oideachas Speisialta ar Bhunscoileanna Príomhshrutha



Mearthreoir Thagartha  
do Thuismitheoirí/Caomhnóirí

## Cad é an tsamhail nua maidir le tacaíocht teagaisc oideachas speisialta a leithdháileadh ar scoileanna príomhshrutha?

Tugann an tsamhail nua tacaíochtaí teagaisc breise do scoileanna chun freastal ar riachtanais leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu bunaithe ar na nithe seo a leanas:

### Méid na scoile

Agus

### Próifil na scoile i dtrí réimse:

- líon na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu
- torthaí na dtrialacha caighdeánaithe
- comhthéacs sóisialta na scoile, míbhuntáiste agus inscne á gcur san áireamh

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar:

[www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%C3%A1in-Gn%C3%ADomhacha/cl0013\\_2017\\_ir.pdf](http://www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%C3%A1in-Gn%C3%ADomhacha/cl0013_2017_ir.pdf)

## Cén fáth ar tharla athrú sa chaoi ina ndéantar tacaíochtaí teagaisc don oideachas speisialta a leithdháileadh ar scoileanna?

D'aithin an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE, 2013) nár caitheadh go cothrom le gach teaghlach leis an sean-samhail agus go raibh ar roinnt leanaí fanacht sula bhfuair siad cabhair bhreise ar scoil. Mhol siad bealach nua agus níos cothroime le tacaíochtaí a chur ar fáil díreach chuig scoileanna de réir an riachtanais seachas nádúr mhíchumas an linbh.

### Conas is féidir le mo leanbh teacht ar thacaíochtaí teagaisc breise?

Déanfaidh an scoil tacaíochtaí a leithdháileadh bunaithe ar riachtanais aitheanta do linbh ag baint úsáide as réimse leathan eolais. San áireamh anseo tá na riachtanais fhoghlama, shóisialta, mhóthúchána agus iompraíochta. Labhróidh na múinteoirí leat, chomh maith le daoine gairmiúla eile, más gá, nuair atá cinneadh á dhéanamh maidir leis an leibhéal tacaíochta atá ag teastáil ó do leanbh. Bainfidh scoileanna úsáid as an gcreat *Leanúntas Tacaíochta* ionas go bhfaighidh na leanaí a bhfuil an leibhéal riachtanais is mó acu an leibhéal tacaíochta is airde.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar:

[www.education.ie/ga/An-Córas-Oideachais/Oideachas-Speisialta/tacu-le-daltai-le-riachtanais-oideachais-speisialta-priomhghniamhachtaí-do-bhunscoileanna.pdf](http://www.education.ie/ga/An-Córas-Oideachais/Oideachas-Speisialta/tacu-le-daltai-le-riachtanais-oideachais-speisialta-priomhghniamhachtaí-do-bhunscoileanna.pdf)

## Conas a dhéanfaidh scoileanna an cinneadh maidir le cé mhéad tacaíochta atá ag teastáil ó mo leanbh?

Beidh an leibhéal tacaíochta éagsúil ó leanbh go leanbh ag brath ar na riachtanais ar leith atá acu. **Ní gá go mbeadh diagnóis déanta i leith linbh le cabhair bhreise a fháil ar scoil.** B'fhéidir go mbeadh riachtanais éagsúla ag leanaí a bhfuil an diagnóis chéanna déanta orthu agus bheadh cineálacha tacaíochta éagsúla de dhíth orthu. Is féidir é seo a chur ar fáil ar bhealaí éagsúla, ar nós tacaíocht bhreise sa seomra ranga, cabhair bhreise ó mhúinteoir oideachas speisialta, teagasc a dhéanamh i ngrúpaí beaga, nó teagasc tacaíochta duine le duine.

## Tá diagnóis mhíchumais ar mo leanbh – cén tacaíocht a gheobhaidh sé/ sí anois?

Anois, gheobhaidh do leanbh tacaíocht bunaithe ar leibhéal a riachtanas speisialta oideachais ar scoil. Tá go leor bealaí éagsúla inar féidir tacaíocht a chur ar fáil do do leanbh agus labhróidh an scoil leat, agus le daoine gairmiúla eile, más gá, ar an mbealach is fearr le tacaíocht a chur ar fáil do do leanbh.

## Conas a gheobhaidh mo leanbh tacaíocht ghairmiúil nó measúnú áit a bhfuil sé seo ag teastáil?

Tá fáil ag scoileanna go fóill ar an Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) le comhairliúchán, measúnú agus tacaíocht a fháil. Is féidir leo oiliúint agus comhairle a fháil freisin ón Seirbhís Tacaíochta NCSE. Níl aon athrú sa chaoi inar féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí teacht ar thacaíocht ghairmiúil nó measúnú ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

## An mbeidh ar mhúinteoirí pleananna oideachais a fhorbairt agus conas a mbeidh baint againn leo?

Beidh. Moltar go ndéanann múinteoirí pleananna oideachais a fhorbairt do leanaí a bhfuil tacaíocht bhreise ag teastáil uathu. Baineann scoileanna úsáid as an bPlean Tacaíochta do Scoláirí le láidreachtaí agus riachtanais linbh a thaifeadadh, le hidirghabhálacha a phleanáil agus le monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn. Ba chóir go mbeadh baint ag na múinteoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus leanaí leis an bPlean Tacaíochta do Scoláirí a **dhreachtú** agus le **hathbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn** tar éis tréimhse ama.

## Cad a tharlóidh mura n-aontaim leis an leibhéal tacaíochta atá á chur ar fáil do mo leanbh?

Ba chóir duit plé a dhéanamh lena m(h)úinteoir ranga ar dtús maidir leis an gcaoi ina bhfuil riachtanais do linbh á gcomhlíonadh. D'fhéadfá labhairt le príomhoide na scoile freisin. Baineann scoileanna úsáid as an bPlean Tacaíochta do Scoláirí chun taifeadadh agus monatóireacht a dhéanamh ar riachtanais do linbh. Leis seo, bíonn an bealach is fearr ar fáil leis an nádúr agus leibhéal tacaíochta do do leanbh a aithint.

Má bhíonn ábhair imní agat go fóill d'fhéadfá iad seo a ardú le Bord Bainistíochta na scoile.

## Mura bhfaigheann an scoil acmhainní breise do mo leanbh, an mbeidh siad in ann mo leanbh a chlárú?

Beidh. Tugtar tacaíochtaí teagaisc don oideachas speisialta do gach scoil bunaithe ar a próifil. Ciallaíonn sé seo go bhfuil na hacmhainní i bhfeidhm ag gach scoil cheana féin chun tacaíocht teagaisc bhreise a chur ar fáil do na leanaí uile a mbíonn sí de dhíth orthu, daltaí nua san áireamh.